


Siomptóim COVID-19 do Leanaí atá ag freastal ar suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile, lena n-áirítear Feighlíocht Leanaí



Coróinvíreas
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí

Leis an méadú reatha i gcásanna de COVID-19 chomh maith le hionfhabhtuithe eile mar RSV agus an fliú, ba cheart do thuismitheoirí agus d'Oideoirí/Cleachtóirí a bheith aireach go háirithe faoi shiomptóim COVID-19 agus tinnis riospráide eile. Má thagann aon cheann de na siomptóim thíos ar do pháiste níor cheart dóibh freastal ar an tseirbhís, beag beann ar thástáil dhiúltach COVID-19 go dtí go mbeidh na siomptóim seo imithe. Fiú má tá na siomptóim éadrom, níor cheart don leanbh freastal ar naíonra ar feadh 48 uair an chloig.

I measc na siomptóim is coitianta a bhaineann le COVID-19 do Leanaí, tá:

- fiabhras (teocht ard 38 céim Celsius nó os a chionn)
- casacht thirim
- traochadh (tuirse)

I measc na siomptóim nach bhfuil chomh coitianta sin, tá:

- cailteanas nó athrú bolaidh nó blaiste
- srón phlúchta
- toinníteas
- scornach thinn
- tinneas cinn
- pian sna mataín nó sna hailt (tinnis agus pianta)
- gríos craicinn
- samhnas, urlacan nó buinneach
- crithfhuacht nó meadhrán

D'fhéadfadh nach mbeadh na siomptóim seo go léir ar do pháiste, agus d'fhéadfadh go n-athródh siomptóim le cineálacha éagsúla de COVID-19, d'fhéadfadh go dtógfadh sé suas le 14 lá sula bhfeictear siomptóim freisin.

Is féidir le siomptóim de COVID-19 a bheith cosúil le siomptóim shlaghdáin, fliú nó fiabhras léana. Má tá amhras ort faoi aon siomptóim atá ar do pháiste, cuir glao ar do dhochtúir ginearálta.

Srón ag sileadh nó sraothartach

Más iad srón ag sileadh/srón phlúchta nó sraothartach na haon siomptóim amháin atá ar do pháiste, tá sé ceart go leor iad a chur chuig suíomh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige.

Ach má tá srón ag sileadh ag do pháiste agus má bhraitheann siad tinn nó má tá drochghiúmar orthu, ba cheart dóibh fanacht sa bhaile.

Víreas Sincítiach Riospráide (RSV)

Is víreas riospráide séasúrach é RSV a mbíonn siomptóim beagnach comhionann le COVID-19 mar thoradh air. Tá leanaí óga san ospidéal faoi láthair de dheasca RSV. Níor cheart do leanaí a bhfuil siomptóim orthu atá mar an gcéanna le siomptóim RSV freastal ar a suíomhanna, beag beann ar thástáil dhiúltach COVID, go dtí go bhfuil na géarshiomptóim imithe ar feadh 48 uair an chloig.

I measc na siomptóim is coitianta a bhaineann le RSV tá: srón ag sileadh, casacht, sraothartach, fiabhras agus cársánach



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth